C/2025/1183

21.3.2025

Tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa

Mar is féidir tacú le heintitis an gheilleagair shóisialta i gcomhréir leis na rialacha maidir le státchabhair: lón machnaimh i bhfianaise mholtaí thuarascáil Enrico Letta

(tuairim féintionscnaimh)

(C/2025/1183)

Rapóirtéir: **Giuseppe GUERINI**

Comhairleoir	Samuel CORNELLA
Cinneadh ón Tionól Iomlánach	11.7.2024
Bunús dlí	Riail 52(2) de na Rialacha Nós Imeachta
An rannóg atá freagrach	An Margadh Aonair, Táirgeacht agus Tomhaltas
Dáta a glactha sa rannóg	12.12.2024
Dáta a glactha sa seisiún iomlánach	22.1.2025
Seisiún iomlánach Uimh.	593
Toradh na vótála (ar son/in aghaidh/staonadh)	216/4/1

1. Conclúidí agus moltaí

1.1. Cuireann Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa (CESE) i bhfáth a thábhachtaí atá sé réiteach a dhéanamh idir an gá le tacaíocht láidir ón bpobal d'eintitis an gheilleagair shóisialta – ar minic iad i mbun feidhmeanna agus róil a bhíodh á bhfeidhmiú ag an Stát – agus rialacha an Aontais maidir le státchabhair.

1.2. Tá sé luaite sa tuarascáil a d'fhoilsigh Mario Draghi (*The future of European competitiveness – A competitiveness strategy for Europe*) go bhfuil nasc idir an t-iomaíochas agus an tsamhail shóisialta Eorpach, rud a léiríonn cé chomh tábhachtach agus atá sé na córais leasa shóisialta agus cosanta sóisialta Eorpacha a choimirciú. Dá bhrí sin, meabhraíonn CESE a thábhachtaí atá eintitis an gheilleagair shóisialta le gur féidir freagairtí sonracha a thabhairt ar na riachtanais shóisialta atá ag saoránaigh na hEorpa. Ba cheart na feidhmeanna sin, ar feidhmeanna iad atá dírithe ar an leas coiteann, a aithint sna rialacha Eorpacha maidir le státchabhair.

1.3. Meabhraíonn CESE go mbíonn bunús dlúthpháirtíochta le gníomhaíochtaí eintitis an gheilleagair shóisialta in an-chuid cásanna, agus nach dtagann siad faoi raon feidhme na ngníomhaíochtaí eacnamaíocha. Is iomaí cás atá ann freisin inar cheart gné thrasteorann na ngníomhaíochtaí a dhéanann eintitis den sórt sin sna hearnálacha sóisialta agus sláinte a mheas mar ghné thánaisteach agus ar scála nach ndéanann difear mór don iomaíocht idir na Ballstáit. Dá bhrí sin, tá gá agus práinn le soiléirithe breise a fháil ón gCoimisiún ar an gcoincheap 'gníomhaíocht eacnamaíoch' agus 'ábharthacht trasteorann' i ndáil leis na réimsí sin.

1.4. Measann CESE gur cheart neartú agus simpliú a dhéanamh ar na rialacha a leagtar amach i Roinn 6 den Rialachán Ginearálta maidir le Blocdhíolúine (Rialachán (AE) Uimh. 651/2014) chun cabhair a thabhairt maidir le hoibrithe atá faoi mhíbhuntáiste nó oibrithe faoi mhíchumas a earcú. Mar a moladh i dTuarascáil Letta maidir leis an margadh aonair, agus sa teachtaireacht maidir le critéir chun anailís a dhéanamh ar chomhoiriúnacht na státchabhrach d'fhostú oibrithe faoi mhíbhuntáiste agus oibrithe faoi mhíchumas faoi réir fógra aonair (teachtaireacht maidir le cabhair le haghaidh cruthú fostaíochta, IO C 188, 11.8.2009), ba cheart na rialacha sin a thabhairt cothrom le dáta lena gcur in oiriúint do chúrsaí eacnamaíocha mar atá faoi láthair.

1.5. Tá CESE den tuairim go bhfuil gá leis an athbhreithniú atá beartaithe ar Rialachán Ginearálta na Blocdhíolúine maidir leis an dá chatagóir cabhrach sin a bheith ina gcatagóirí sonracha agus ar leithligh i gcónaí, agus cuireann sé i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé na spriocdhátaí a leagtar síos chun an creat rialála a thabhairt cothrom le dáta a urramú.

1.6. Is díol sásaimh do CESE an moladh breise a tugadh i dTuarascáil Letta, is é sin nár mhór an creat dlíthiúil reatha maidir le státchabhair a oiriúnú chun rochtain níos fearr ar chreidmheas agus ar chistiú a éascú d'eintitis an gheilleagair shóisialta.

1.7. Tugann CESE dá aire nach bhfuil an leas ceart á bhaint ag na húdaráis phoiblí as an gcreat dlíthiúil cabhrach le haghaidh na seirbhísí lena ngabhann leas eacnamaíoch ginearálta, óir is minic go deimhin nach dtugann siad a ndóthain airde ar an méid cumhachta lánroghnaí a bhronnann na Conarthaí orthu i dtaca le gníomhaíochtaí áirithe a aicmiú ina seirbhísí lena ngabhann leas eacnamaíoch ginearálta. Tá CESE den tuairim go bhfuil an chumhacht sin láidir go háirithe i gcás seirbhísí sláinte agus sóisialta, ar chúiseanna a bhaineann le coimhdeacht ingearach agus le comhtháthú sóisialta agus ós rud é nach ann do na srianta rialála sonracha a fhaightear, mar shampla, i seirbhísí eile lena ngabhann leas eacnamaíoch ginearálta, amhail tionscail líonra, ar mó an tábhacht eacnamaíoch a bhaineann leo. Ós coitianta an rud é an tearcmhaoiniú i dtaca le seirbhísí sóisialta lena ngabhann leas eacnamaíoch ginearálta i measc Bhallstáit an Aontais, ba cheart aird a tharraingt ar an tábhacht agus an ábharthacht a bhaineann le hAirteagal 2(1)(c) den Chinneadh maidir le seirbhísí lena ngabhann leas eacnamaíoch ginearálta. Seachas úsáid fhorleathan a bhaint as an Rialachán ginearálta de-minimis i réimse na seirbhísí sóisialta lena ngabhann leas eacnamaíoch ginearálta, ba cheart do Bhallstáit an Aontais Airteagal 2(1)(c) den Chinneadh maidir le seirbhísí lena ngabhann leas eacnamaíoch ginearálta a chur i bhfeidhm mar ábhar tosaíochta, aon uair a cheadaítear amhlaidh faoi raon feidhme na forála.

1.8. Is díol sásaimh do CESE an fógra atá sna Treoirlínte Polaitiúla don chéad Choimisiún Eorpach eile (2024-2029) a foilsíodh an 18 Iúil 2024, is é sin go ndéanfaidh an Coimisiún 'athbhreithniú freisin ar ár rialacha maidir le státchabhair chun bearta tacaíochta tithíochta a chumasú, go háirithe, i gcás tithíocht inacmhainne atá tíosach ar fhuinneamh agus tithíocht shóisialta'. Tugann CESE le fios go bhféadfadh sé gur dhíol suntais sa chomhthéacs sin na rialacha maidir le státchabhair a bhaineann le soláthar na seirbhísí lena ngabhann leas eacnamaíoch ginearálta a chúiteamh. Ceann de na cúiseanna leis sin an méid is féidir le heintitis an gheilleagair shóisialta a bhaint amach chun dul i ngleic leis an ngéarchéim tithíochta, rud atá léirithe ag comharchumainn tithíochta, fundúireachtaí tithíochta, cumainn fhrithpháirteacha agus an iliomad eagraíochtaí daonchairdis.

1.9. Tugann CESE dá aire go bhféadfaí forálacha solúbthachta a thabhairt isteach trí fheidhmiú na rialacha maidir le státchabhair a mhaolú i gcás cistiú ar comhcheangal é de chistí ón Aontas agus de chistí náisiúnta, mar shampla an cistiú faoi Chiste Sóisialta na hEorpa (CSE) agus Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (CFRE) a dheonaítear ar leibhéal an Bhallstáit. Faoi láthair, tagann an cineál sin cistiúcháin faoi réir na rialacha maidir le státchabhair – cé gur le dlí an Aontais a rialaítear é cuid mhór – ós rud é gur ag na húdaráis náisiúnta atá an chumhacht lánroghnach i ndáil leis an leithdháileadh. Os a choinne sin, níl na rialacha maidir le státchabhair infheidhme maidir le cistiú a thagann as cistí an Aontais amháin agus a bhainistítear ar leibhéal an Aontais gan aon rannpháirtíocht Stáit, Fís Eorpach, cuir i gcás.

1.10. Ar deireadh, tathantaíonn CESE ar an gCoimisiún Eorpach leanúint de na hiarrachtaí atá ar bun aige chun an Plean Gníomhaíochta maidir leis an nGeilleagar Sóisialta a chur chun feidhme, rud a sonraíodh sa treochlár *Liège Roadmap for Social Economy in the European Union* a shínigh ionadaithe as 19 rialtas an 12 Feabhra 2024, agus inar sonraíodh go gcuirfí an cúram ar dhuine de Choimisinéirí an Choláiste nua cur chun feidhme an Phlean Gníomhaíochta sin a chomhordú.

2. **Cúlra**

2.1. De réir an staidéir dar teideal *Benchmarking the socio-economic performance of the EU social economy* arna fhoilsiú le déanaí ag an gCoimisiún Eorpach, tá breis agus 11 mhilliún duine (nó 6,3 % den daonra fostaithe) ag obair in eintitis den gheilleagar sóisialta sna 27 mBallstát. As na 4 mhilliún eintiteas atá sa gheilleagar sóisialta, is gnólachtaí iad 246 000 díobh a sholáthraíonn réitigh ar na príomhdhúshláin a bhaineann leis an gcúram a chur ar fáil do shaoránaigh na hEorpa. Tá na heintitis sin i raon leathan earnálacha éagsúla, e.g. seirbhísí sóisialta agus cúraim sláinte, an geilleagar ciorclach, comhrac na bochtaineachta, an tithíocht shóisialta, dul i ngleic le cur amú bia agus táirgeadh rannpháirtíochta an fhuinnimh ó fhoinsí in-athnuaite.

2.2. Tá sé luaite i bPlean Gníomhaíochta an Choimisiúin Eorpaigh maidir le Geilleagar Sóisialta – COM(2021) 778 final – nach mbíonn caipiteal infheistíochta fadtéarmach foighneach ar fáil go réidh i gcónaí d'eintitis an gheillegair shóisialta. Luaitear ann freisin nach mbaineann na húdaráis phoiblí leas iomlán as na féidearthachtaí atá ann faoi láthair chun an rochtain a bhíonn ag fiontair shóisialta ar an soláthar poiblí, nó ar chistiú, a éascú, ná as an tsolúbthacht arna tabhairt leis na rialacha reatha maidir le státchabhair.

2.3. Tugtar le fios sa doiciméad céanna nach mbaineann na Ballstáit sochar iomlán as an acmhainneacht a sholáthraítear leis na rialacha maidir le státchabhair a mhéid a bhaineann le seirbhísí lena ngabhann leas eacnamaíoch ginearálta, agus nach mbaineann siad leas iomlán as acmhainneacht an Rialacháin Ghinearálta maidir le Blocdhíolúine, rialachán lena dtugtar deis chun státchabhair atá comhoiriúnach don mhargadh inmheánach a dheonú.

2.4. Tugtar le fios sa Mholadh ón gComhairle maidir le creatdálaí geilleagair shóisialta a fhorbairt (2023/0179 (NLE)) gur 'minic nach mbaineann údaráis phoiblí an leas is fearr is féidir as raon feidhme na rialacha maidir le Státchabhair atá ann faoi láthair chun tacú leis an ngeilleagar sóisialta, i gcás nach bhfuil an margadh amháin in ann rochtain shásúil a fháil ar

mhargadh saothair agus cuimsiú sóisialta; ní bhacann siad ach le bearta faoin tairseach ghinearálta *de minimis* agus ní úsáideann siad an rogha bearta a bhunú faoi Rialachán (AE) Uimh. 651/2014 ón gCoimisiún (an Rialachán Ginearálta maidir le Blocdhíolúine) mar shampla cabhair réigiúnach, cabhair um maoiniú riosca, agus cabhair chun oibrithe atá faoi mhíbhuntáiste a earcú'.

2.5. I staidéar a foilsíodh le déanaí dar teideal *State aid for access to finance for social enterprises and for the recruitment of disadvantaged workers in the form of wage subsidies* ([1]), scrúdaíodh feidhmiú agus tionchar an Rialacháin Ghinearálta maidir le Blocdhíolúine a fhad a bhaineann sé le fiontair shóisialta a fhostaíonn oibrithe atá faoi mhíbhuntáiste sna Ballstáit. Léirigh na torthaí gur minic rialacha eile á gcur i bhfeidhm ag na húdaráis náisiúnta maidir leis an Rialachán Ginearálta maidir le Blocdhíolúine, agus tugadh cúiseanna leis sin, e.g. easpa eolais ar rialacha an Aontais maidir le státchabhair, a chasta atá an Rialachán Ginearálta agus deacrachtaí riaracháin eile.

3. **Barúlacha ginearálta**

3.1. I dTuarascáil Draghi maidir lena bhfuil i ndán d'iomaíochas na hEorpa, cuirtear i bhfáth go bhfuil an t-iomaíochas nasctha leis an tsamhail shóisialta Eorpach, agus luaitear cé chomh tábhachtach agus atá sé na córais leasa shóisialta agus cosanta sóisialta Eorpacha a choimirciú. Chuige sin, cuirtear i bhfáth sa tuairim seo a thábhachtaí atá sé réiteach a aimsiú idir an tacaíocht láidir ón bpobal d'eintitis an gheilleagair shóisialta – ar minic feidhmeanna agus róil á bhfeidhmiú acu a bhíodh á bhfeidhmiú ag an Stát – agus rialacha an Aontais maidir le státchabhair. Go háirithe, ba cheart sainiúlacht mhargadh na seirbhísí sláinte agus sóisialta ina n-oibríonn eintitis an gheilleagair shóisialta a chur san áireamh go cuí. Chuige sin, tugann CESE le fios nach é cuspóir eintitis an gheilleagair shóisialta brabúis a uasmhéadú lena ndáileadh ar na hinfheisteoirí, ach ina áit sin na brabúis sin a athinfheistiú ina gcuid gníomhaíochtaí, nó, ar a laghad, chun cuspóirí sóisialta nó cuspóirí lena mbaineann leas ginearálta a ghnóthú.

3.2. Ar an dul céanna, is iomchuí tagairt anseo do bhreithiúnas suntasach a tugadh an 8 Meán Fómhair 2011, is é sin i gcásanna uamtha C-78/08 agus C-80/08 – *Paint Graphos* agus páirtithe eile, inar rialaigh Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh i gcás chóras fioscach na hIodáile, córas ina dtugtar díolúine ó cháin chorparáide do na comharchumainn, nach ionann cás na gcomharchumann agus cás na gcuideachtaí tráchtála, díreach mar gheall ar na saintréithe a bhaineann leo. Mar go bhfuil an t-aitheantas sin á thabhairt do dhlisteanacht sainchórais cánach a bheadh ag teacht le saintréithe sonracha an eintitis, ba cheart go spreagfaí na comhreachtóirí chun an treo polaitiúil céanna a ghlacadh maidir le heintitis éagsúla an gheilleagair shóisialta.

3.3. Cé gur díol sásaimh an-mhór do CESE an méadú a rinneadh le deireanas ar na huasteorainneacha *de minimis* go EUR 300 000 agus EUR 750 000 thar thréimhse trí bliana le haghaidh gnáthchuideachtaí agus cuideachtaí lena ngabhann leas eacnamaíoch ginearálta, faoi seach, meabhraíonn sé nach leor, de réir rialacha AE maidir le státchabhair, cabhair *de minimis* mar bhunús dlí chun tacaíocht phoiblí a dheonú d'eintitis an gheilleagair shóisialta i réimse na seirbhísí sláinte agus sóisialta ([2]). D'ainneoin sin, baineann cuid mhór údaráis náisiúnta leas as na rialacha *de minimis* agus ní as an Rialachán Ginearálta maidir le Blocdhíolúine, an teachtaireacht maidir le cabhair le haghaidh cruthú fostaíochta ná creat státchabhrach na seirbhísí lena ngabhann leas eacnamaíoch ginearálta, toisc a shimplí agus a éasca atá sé na rialacha sin a chur i bhfeidhm, agus mar gheall ar an easpa eolais atá acu ar an Rialachán Ginearálta maidir le Blocdhíolúine, ainneoin go bhfuil sé i bhfeidhm ó 2014.

3.4. Cé gurb eol dúinn nach féidir liostaí réamhshocraithe de ghníomhaíochtaí eacnamaíocha agus neamheacnamaíocha a bhunú roimh ré ná an chaoi a ndéanfaí an coincheap sin a mheasúnú i ngach cás ar leith a leagan amach, tugann CESE le fios maidir le gníomhaíochtaí eintitis an gheilleagair shóisialta – bídís á ndéanamh ag struchtúir atá ina gcomhlachais lena rannchuidíonn saorálaithe i gcomhthéacs neamhbhrabúsach, nó i gcásanna áirithe ag eintitis an gheilleagair shóisialta amhail comharchumainn, cumainn fhrithpháirteacha nó fundúireachtaí – gur féidir bonn dlúthpháirtíochta a bheith leo agus iad a bheith de chineál neamhbhrabúsach. Ba cheart a chur san áireamh, dá bhrí sin, nach dtagann siad sin faoi raon feidhme Airteagal 107 CFAE.

3.5. Tugann CESE dá aire, i réimse na seirbhísí sláinte agus sóisialta, gur minic an tsoghluaisteacht trasteorann agus an ábharthacht trasteorann ar iarraidh ar thaobh an éilimh, ós rud é gur seirbhísí áitiúla amháin iad agus iad dírithe ar an ngaireacht. I gcásanna áirithe tá easpa sa tsoghluaisteacht ó réigiún go réigiún sa Stát céanna fiú, rud a chuireann i bhfios a láidre atá fréamhacha áitiúla na seirbhísí sláinte agus sóisialta.

3.6. Cé go bhféadfadh an tsoghluaisteacht trasteorann a bheith i gceist maidir leis an soláthar seirbhísí sláinte agus sóisialta, tá CESE den tuairim gur cheart do na húdaráis náisiúnta rochtain neamh-idirdhealaitheach ar chóras láidir tacaíochta airgeadais a áirithiú le haghaidh na seirbhísí sláinte agus sóisialta, ar rochtain í a bheadh comhoiriúnach d'Airteagal 107 CFAE, gan leas a bhaint as an gcreat státchabhrach mar údar leis an gcistiú poiblí a laghdú in earnáil atá ríthábhachtach don chomhtháthú sóisialta ar an leibhéal áitiúil.

([1]) *Study on State aid for access to finance for social enterprises and for the recruitment of disadvantaged workers in the form of wage subsidies.*

([2]) Is féidir sainmhíniú a fháil ar sheirbhísí sláinte agus sóisialta i bPlean Gníomhaíochta Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta nó, ar bhonn níos mionsonraithe, sa Teachtaireacht maidir leis an straitéis Eorpach um chúram (COM(2022) 440 final).

3.7. I gcomhréir leis an toil pholaitiúil atá le sonrú ar théacsanna an Phlean Gníomhaíochta maidir leis an nGeilleagar Sóisialta agus ar an Moladh, ina n-iarrtar ar na hinstitiúidí gníomhú chun leas a bhaint as an acmhainneacht atá in eintitis an gheilleagair shóisialta, creideann CESE gur cheart nádúr agus misean sonrach na n-eintiteas sin, maille leis na dálaí rialála a bhaineann leo, a aithint sna rialacha maidir le státchabhair, agus saintréithe an gheilleagair shóisialta á gcur san áireamh. Ar na saintréithe sin tá, go háirithe, an oibleagáid reachtúil an t-iomlán nó cuid den bhrabús agus den bharrachas a athinfheistiú chun cuspóirí leasa ghinearálta a ghnóthú, mar a leagtar amach sna creataí dlíthiúla náisiúnta agus sa Mholadh ón gComhairle.

4. **I dtreo creat státchabhrach a bheidh i gcomhréir le haidhmeanna an gheilleagair shóisialta**

4.1. I ndáil leis an bhféidearthacht cabhair a bheadh comhoiriúnach don mhargadh inmheánach a dheonú, tá CESE den tuairim gur cheart neartú agus simpliú a dhéanamh ar na rialacha a leagtar amach i Roinn 6 den Rialachán Ginearálta maidir le Blocdhíolúine (Rialachán (AE) Uimh. 651/2014) maidir le cabhair a dheonú chun oibrithe atá faoi mhíbhuntáiste nó oibrithe faoi mhíchumas a earcú, agus gur cheart an teachtaireacht maidir le cabhair le haghaidh cruthú fostaíochta a thabhairt cothrom le dáta chun léiriú a thabhairt ar an bhfíorchás eacnamaíoch atá ann faoi láthair. I ndáil leis sin, beart nithiúil tapa a d'fhéadfadh an Coimisiún a ghlacadh is ea na huasteorainneacha a choigeartú maidir leis an gcabhair is féidir a dheonú i ndáil le gníomhaíochtaí trína ndéantar daoine a lánpháirtiú arís sa mhargadh saothair. Cuireann CESE i bhfáth freisin nach mór an dá chatagóir cabhrach sin a bheith ina gcatagóirí sonracha agus ar leithligh i gcónaí, agus nach mór na hamscálaí a leagadh amach le haghaidh nuashonrú an Rialacháin Ghinearálta a urramú.

4.2. Dá bhrí sin, tá CESE ar aon intinn leis an moladh a rinneadh i dTuarascáil Letta maidir leis an margadh aonair, is é sin gur cheart na rialacha sin a athmheasúnú agus a fheabhsú (lch. 106), agus tacaíonn sé go láidir leis an moladh sin.

4.3. Is díol sásaimh do CESE an moladh a tugadh i dTuarascáil Letta, is é sin nár mhór an creat dlíthiúil reatha maidir le státchabhair a oiriúnú chun rochtain níos fearr ar chreidmheas agus ar chistiú a éascú d'eintitis an gheilleagair shóisialta.

4.4. Tá CESE den tuairim maidir le haon athbhreithniú a dhéanfar ar an Rialachán Ginearálta maidir le Blocdhíolúine (Rialachán (AE) Uimh. 651/2014) – lena leagtar amach na coinníollacha sonracha maidir leis an 'cabhair chomhoiriúnach' is féidir a dheonú gan formheas a fháil roimh ré ón gCoimisiún – go dtabharfar aitheantas sainráite ann d'eintitis an gheilleagair shóisialta. D'fhágfadh sin, áfach, mar a moladh i dTuarascáil Letta, go mbeadh gá le sainmhíniú dlíthiúil ar 'eintitis an gheilleagair shóisialta' a chur san áireamh sa Rialachán Ginearálta maidir le Blocdhíolúine. Is mar gheall air sin go sonrach nach sáródh gníomhaíochtaí eintitis an gheilleagair shóisialta in an-chuid cásanna rialacha iomaíochta an Aontais lena rialaítear margaí, ós rud é go ndéantar iad laistigh de shamhail fiontair nach bhféachann le brabúis a uasmhéadú, ach le brabúis a athinfheistiú chun cuspóirí sóisialta nó comhshaoil atá bunaithe ar dhlúthpháirtíocht a bhaint amach.

4.5. Ina theannta sin, tugann CESE dá aire nach leor an úsáid atá á baint ag na húdaráis náisiúnta as Airteagal 56 den Rialachán Ginearálta maidir le Blocdhíolúine – a bhaineann le cabhair infheistíochta le haghaidh bonneagar áitiúil – ag féachaint go sonrach do na hinfheistíochtaí nach mór a dhéanamh sna seirbhísí sláinte agus sóisialta, ainneoin go bhféadfadh an t-airteagal sin fónamh in an-chuid cásanna mar bhunús dlí oiriúnach don chomhoiriúnacht, agus go bhfuil níos mó deiseanna ann inar féidir leas a bhaint as an mbunús dlí sin seachas an bunús dlí a thagann as na rialacha *de minimis*.

4.6. Lena chois sin, tugann CESE dá aire nach bhfuil an creat dlíthiúil um chabhair le haghaidh seirbhísí lena ngabhann leas eacnamaíoch ginearálta á shaothrú i gceart ag na húdaráis phoiblí maidir le seirbhísí sláinte agus sóisialta. Is minic go deimhin nach dtugann na húdaráis inniúla stáit a ndóthain airde ar an méid cumhachta lánroghnaí a bhronnann na Conarthaí orthu i dtaca leis an gcumhacht chun gníomhaíochtaí áirithe a aicmiú ina seirbhísí lena ngabhann leas eacnamaíoch ginearálta. Tá CESE den tuairim go bhfuil an chumhacht sin láidir go háirithe i gcás seirbhísí sláinte agus sóisialta, ar chúiseanna a bhaineann le coimhdeacht ingearach agus le comhtháthú sóisialta agus ós rud é nach ann do na srianta rialála sonracha a fhaightear, mar shampla, i seirbhísí eile lena ngabhann leas eacnamaíoch ginearálta, amhail tionscail líonra, ar mó an tábhacht eacnamaíoch a bhaineann leo.

4.7. Tugann CESE dá aire maidir le hAirteagal 2(1)(c) de Chinneadh Uimh. 2012/21/AE, trína ndéantar cineálacha áirithe cúitimh le haghaidh seirbhísí lena ngabhann leas eacnamaíoch ginearálta a chomhoiriúnú don mhargadh inmheánach, nach bhforáiltear ann go dtabharfaí isteach uasteorainn maidir le 'cúiteamh le haghaidh seirbhísí ar mhaithe leis an leas eacnamaíoch i gcoitinne a sholáthar, lena gcomhlíontar riachtanais shóisialta maidir le sláinte agus cúram fadtéarmach, cúram leanaí, rochtain ar an margadh saothair agus ath-imeascadh sa mhargadh saothar, tithíocht shóisialta agus cúram agus cuimsiú grúpaí leochaileacha'. Dá bhrí sin, tá CESE ag tathant ar na húdaráis náisiúnta leas níos fearr a bhaint as na rialacha sin.

4.8. Tá CESE ag teacht leis an mbarúil go raibh réimse na seirbhísí sláinte agus sóisialta ina líne dhealaithe le fada an lá idir an tuiscint dhiúltach ar sheirbhísí lena ngabhann leas eacnamaíoch ginearálta mar mhaolú ar dhlí an Aontais maidir leis an iomaíochas agus an tuiscint dhearfach nua orthu gur léiriú iad ar chearta saoránachta (Fiedziuk, N.A., 'Services of general economic interest and the Treaty of Lisbon: Opening doors to a whole new approach or maintaining the "status quo"', *European Law Review*, 2011, lch. 229).

4.9. Is minic a bhíonn deacrachtaí ag na húdaráis naisiúnta na rialacha maidir le seirbhísí lena ngabhann leas eacnamaíoch ginearálta a chur i bhfeidhm ón taobh teicniúil agus maorlathach de, go háirithe maidir le gníomhartha iontaoibhe sonracha a fhorbairt agus a bheith in ann coincheapa dlíthiúla casta amhail 'brabús réasúnta' a chur i bhfeidhm. Is cosúil go bhfuil sin amhlaidh toisc go ndéantar an t-ualach maorlathais agus comhlíontachta a leagtar ar thionscail líonra a bhfuil struchtúr tráchtála láidir acu á leagan freisin ar earnáil na seirbhísí sláinte agus sóisialta, ar earnáil an-éagsúil í, rud a d'fhéadfadh a bheith ina fhadhb i gcás seirbhísí ar seirbhísí sóisialta amháin atá iontu, agus a sholáthraítear ar scála fíoráitiúil (Merola, M., 2012, *European State Aid Law Quarterly*, 2/2012, lch. 29).

4.10. Dá bhrí sin, iarrann CESE go ndéanfaí infheistíocht shonrach ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal Eorpach chun an oiliúint a chur chun cinn le haghaidh na n-údarás náisiúnta maidir leis an deis a thugann na rialacha maidir le seirbhísí lena ngabhann leas eacnamaíoch ginearálta a thapú, go háirithe i dtaca le seirbhísí sláinte agus sóisialta, agus iarrann sé go ndéanfaí dea-chleachtais agus eispéiris náisiúnta a chomhthiomsú agus a chur ar fáil agus go mbeadh fáil orthu mar shamplaí tagartha.

4.11. Maidir leis an méid sin, is mian le CESE aird a dhíriú ar dhoiciméad dar teideal *Guide to the application of the European Union rules on state aid, public procurement and the internal market to services of general economic interest, and in particular to social services of general interest* – SWD(2013) 53 final/2, a foilsíodh in 2013, ar doiciméad é arbh fhéidir an-leas a bhaint as go dtí seo, agus iarrann CESE go ndéanfaí é a nuashonrú anois, breis agus deich mbliana ó céadfhoilsíodh é.

4.12. Is díol sásaimh do CESE an fógra atá sna Treoirlínte Polaitiúla don chéad Choimisiún Eorpach eile (2024-2029), is é sin go ndéanfaidh an Coimisiún 'athbhreithniú freisin ar ár rialacha maidir le státchabhair chun bearta tacaíochta tithíochta a chumasú, go háirithe, i gcás tithíocht inacmhainne atá tíosach ar fhuinneamh agus tithíocht shóisialta'. Tugann CESE le fios go bhféadfadh sé gur dhíol suntais sa chomhthéacs sin na rialacha maidir le státchabhair a bhaineann le soláthar na seirbhísí lena ngabhann leas eacnamaíoch ginearálta a chúiteamh. Ceann de na cúiseanna leis sin an méid is féidir le heintitis an gheilleagair shóisialta a bhaint amach chun dul i ngleic leis an ngéarchéim tithíochta, rud atá léirithe ag comharchumainn tithíochta, fundúireachtaí tithíochta, cumainn fhrithpháirteacha agus an iliomad eagraíochtaí daonchairdis.

4.13. Thairis sin, tugann CESE dá aire go bhféadfaí foralácha solúbthachta a thabhairt isteach trí fheidhmiú na rialacha maidir le státchabhair a mhaolú i gcás an chistithe faoi CSE, CFRE, etc. Faoi láthair, tagann an cineál sin cistiúcháin faoi réir na rialacha maidir le státchabhair – cé gur le dlí an Aontais a rialaítear é cuid mhór – ós rud é gur ag na húdaráis náisiúnta atá an chumhacht lánroghnach i gcónaí. Os a choinne sin, níl na rialacha maidir le státchabhair infheidhme maidir le cistiú a thagann as cistí an Aontais amháin agus a bhainistítear ar leibhéal an Aontais gan aon rannpháirtíocht Stáit.

4.14. An 12 Feabhra 2024, faoi choimirce Uachtaránacht na Beilge, shínigh ionadaithe as 19 rialtas an treochlár *Liège Roadmap for Social Economy in the European Union*, inar sonraíodh 25 ghealltanas ar leith maidir le cur chun feidhme an Phlean Gníomhaíochta maidir leis an nGeilleagar Sóisialta. Tá súil ag CESE go gcuirfidh an Coimisiún nua na tograí sin san áireamh le linn a théarma oifige.

An Bhruiséil, 22 Eanáir 2025

Uachtarán
Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa
Oliver RÖPKE